Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Feabhra 2026 (OR. en)**

**5152/26**

**CO EUR-PREP 1**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (19 agus 20 Márta 2026) – Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar gach gné de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hiarrachtaí leanúnacha síochána, agus tacaíocht leanúnach an Aontais don Úcráin agus dá muintir.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar a bhfuil ag titim amach sa Mheánoirthear, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme Rún 2803 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

## III. AN TIOMAÍOCHAS AGUS AN MARGADH AONAIR

Ag tógáil ar an bplé is déanaí a rinne comhaltaí na Comhairle Eorpaí, go háirithe in Alden Biesen, díreoidh an Chomhairle Eorpach ar ghealltanais agus amlínte nithiúla i réimsí tosaíochta chun iomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a chur chun cinn sa chomhthéacs nua geo-eacnamaíoch, lena n-áirítear trí chlár oibre 'Eoraip amháin, Margadh amháin'.

## IV. AN CHÉAD CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL EILE

Beidh seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

## V. COSAINT AGUS SLÁNDÁIL NA HEORPA

Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar chosaint agus slándáil na hEorpa. Breathnóidh sí ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na gconclúidí a ghlac sí roimhe seo agus cuirfidh sí treoir ar fáil de réir mar is gá.

## VI. AN IMIRCE

Breithneoidh an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na gconclúidí uaithi maidir leis an imirce.

---